** Preas Ráiteas **

SPRAOI – Coláiste na bhFiann

Áit: Coláiste Naomh Mel, Longfort
Dáta: 16/07/2008
Am Tosaithe an lae: 11:45
Am an Mhórshiúl: **15:15**

Le linn tréimhse chúrsa **Choláiste na bhFiann** tagann na cúrsaí le chéile chun lá mór **SPRAOI** a bheith acu, eagraithe ag **Cumann na bhFiann**, Clubanna iar aire na gColáistí Samhraidh. Is é cúis an lae ná le cur in iúl do na daltaí go bhfuil áiseanna acu taobh amuigh dos na cúrsaí Samhraidh a cuid Gaeilge a úsáid.

Beidh an dara **SPRAOI** do mhí Iúil de chuid **Choláiste na bhFiann** ar siúl i gColáiste Naomh Mel, Longfort ar **Céádaoin 16/07/2008.** Is é seo **SPRAOI** iollmhór an tSamhraidh ag a mbeidh na daltaí ó cúig cinn de chúrsaí **Choláiste na bhFiann** – ó Naomh Mel, Longfort; Ros Muc, Co. na Gaillimhe; Sligeach; Ráth Cairn agus Baile an Uairnigh, Co. na Mí. Beidh suas le **500** dalta ann a bheidh ag tógaint páirt sna himeachtaí agus cluichí spraoiúil atá eagraithe don lá. Beidh mórshiúil ar siúl trí bhaile Longfort thart ar **15:15** agus is iontach an ócáid a beidh ann. Tagann na sluaite amach chun an mórshiúl glórmhar dathannach seo a fheiceáil. Stopfaidh na daltaí i lár an bhaile chun amhráin a chanadh agus rincí a dhéanamh. Is iontach an radharc é nuair a bhíonn grúpa ollmhór ag baint an oiread sin tairbhe as an nGaeilge agus iad lán sásta é a úsáid. Ina theannta san, baineann siad taitneamh as!

40 bliain ó shin a thosaigh **Coláiste na bhFiann** a gcuid cúrsaí Samhraidh agus is ag dul ó neart go neart atá siad ó shin. Eagraíonn **Coláiste na bhFiann** cúrsaí Samhraidh trí seachtaine do dhaltaí ar fud na tíre – Ros Muc, Co. na Gaillimhe, Rath Cairn agus Baile an Uairnigh i gCo. na Mí,, Sligeach, Longfort, Cnoc Beag, Co. Cheatharlaigh, Baile an Sceilig agus Cill Áirne i gCiarraí.

Eagraíonn **Cumann na bhFiann** clubanna óige go seachtainiúil / coicísiúil ar fud na tíre, a thugann deis do dhaltaí a gcuid Gaeilge labhartha a chleachtadh, agus a fhorbairt. Chomh maith leis an gclub óige, eagraíonn **Cumann na bhFiann** go leor imeachtaí bliantúla go náisiúnta ar nós ceolchoirmeacha, dioscó, deireadh seachtainí as baile, srl.

Cuirimíd mile fáilte roimh gach duine teacht go **SPRAOI** chun an sprioad agus an croí a chuireann na daltaí isteach sa Ghaeilge a fheiscint.

Má tá ceist ar bith is féidir dul i dteagmháil linn san oifig ar 01-2808091 nó ar r-phost michelle@colaistenabhfiann.ie

Má tá sé i gceist agat teacht ar an lá is féidir glaoch ar 087-9628067

4 Ardán Clifton, Baile na Manach, Co. Átha Cliath
Fón: 01-280 8091 Faics: 01-280 7665
R-phost: eolas@colaistenabhfiann.ie
www.colaistenabhfiann.ie

Stiúrthóirí: Caitríona Ní Cheallaigh (Cathaoirleach Feidhmitheach), Úna Ní Fhaircheallaigh, Yvonne Ní Mhurchú

Uimhir an chomluchta: 54908